Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0158(NLE)**

**9352/22**
**ADD 1**

**AELE 26**
**EEE 27**
**N 33**
**ISL 19**
**FL 19**
**MI 411**
**BUDGET 9**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 218 final - IARSCRÍBHINN I |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse<br>(Líne bhuiséid 07 20 03 01 – Slándáil Shóisialta) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 218 final - IARSCRÍBHINN I.

---

Faoi iamh: COM(2022) 218 final - IARSCRÍBHINN I

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.5.2022
COM(2022) 218 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

**(Líne bhuiséid 07 20 03 01 – Slándáil Shóisialta)**

# IARSCRÍBHINN

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE**

**Uimh. […]**

**an […]**

**lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iomchuí leanúint de chomhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE i ngníomhaíochtaí an Aontais arna gcistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais a mhéid a bhaineann le saorghluaiseacht oibrithe, comhordú scéimeanna slándála sóisialta agus bearta le haghaidh imirceach, lena n-áirítear imircigh as tríú tíortha.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun go mbeidh an comhar leathnaithe sin ann ón 1 Eanáir 2022,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I míreanna 5 agus 14 d’Airteagal 5 de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, cuirtear na focail “blianta airgeadais 2021 agus 2022” in ionad na bhfocal “bliain airgeadais 2021”.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

*Airteagal 3*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an […].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

*An tUachtarán*

*[…]*

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*
*[…]*